Focal id' Chluais.

A word in your ear. Samhain 2011.

CSP
Meitheal Mhúscraí

"Meitheal Mhúscraí agus an Todhchaí...?

Cruinniú Poiblí – Ionad Áise – Réidh na nDoirí

24ú la de Samhain ag 8.00in.

Ba mhian le Coiste Meitheal Mhúscraí a fhógairt go mbeidh Cruinniú Poiblí á reachtáil insan Ionad Áise i Réidh na nDoirí ar an Deardaoin, 24ú Samhain ag 8in. 'Sé an ábhar atá le phlé ná todhchaí an eagraíocht agus na cláracha a bhí á reachtáil go h-áitiúil maidir le Eolas don Phobal, Oideachas & Traenáil, Tionscnaimh Eacnamaíocht Shóisíalta cosúil leis na Cláir Sheirbhísí Pobail - Seirbhísí do Dhaoine atá ag dul in Aois, Daoine le Míchumas, &rl., agus Tacaíochtaí don Earnáil Deonach. Beidh fáilte roimh gach éinne.

Naomh Caitríona Laboure – Lá Féile: 28ú Samhain

Rugadh Zoe Laboure i 1806, iníon d'fheirmeoir Francach ab ea í. Ní raibh ar a cumas scríbhneoireacht ná léitheoireacht mar bhí sí ar an t-aon duine den chlann nár chuaigh ar scoil riamh. Fuair a máthair bás nuair a bhí sí an-óg agus bhí uirthi aire a thabhairt don teaghlach mar chuaigh a deirfiúr is sinne go dtí an chlochair chun a bheith ina bhean rialta. Theastaigh ó Zoe bheith ina bean rialta freisin nuair a bhí sí sna déaga. De bharr go raibh uirthi fanúint sa bhaile chun aire a thabhairt don teaghlach ní raibh sí in ann dul go dtí an chlochair go dtí go raibh sí ceithre bliana is fiche. Thosaigh sí ag déanamh obair carthanachta leis an gCumann Naomh Uinseann de Pól agus ghlac sí an t-ainm Caitríona. Oíche amháin dúisíodh í le guth páiste ag iarraidh uirthi dul go dtí an tséipéil. Thosnaigh an Mhuire Mháthair ag caint léi. I mbarrshamhail eile bhí an Mháthair Beannaithe ag seasamh ar chruinneog le srúillí solais ag teacht as a láimhe. Ag a bun bhí na focail: "O Mary, conceived without sin, pray for us who have recourse to thee!". Dúradh le Caitríona bonn a dhéanamh leis an bpictiúir seo den Mháthair Beannaithe air. Dúradh léi freisin go bhfaigheadh gach duine a chaitheadh an bonn a lán grástaí. D'inis Caitríona an scéal lena hathair faoistine agus d'inis sé siúd an scéal don easpag. Tar éis tamall deineadh na boinn. Go luath bhí a lán daoine mórthimpeall an domhain ag caitheamh na boinn. Ní raibh a fhios ag éinne sa chlochar gur tháinig an Mháthair Beannaithe go dtí Caitríona. Chaith sí a cuid eile dá saol, cúig bliana is daichead ag obair sa chlochar. D'oscail sí an doras do chuairteoirí. Thug sí aire dos na cearca a sholáthair uibheacha dos na mná rialta. Thug sí aire do dhaoine a bhí ag dul in aois agus daoine a bhí breoite freisin. Bhí sí sásta a pribhléid speisialta a fuair sí a choimeád faoi rún, ní raibh suim aici ach a bheith ar fónamh do Dhia. Fuair Caitríona bás i 1876. D'fhógair an Pápa Pius XII ina naomh í sa bhliain 1947.

Fionnbarra Ó Laoire

Fuair Fionnbarra Ó Laoire, cara agus iarfhostaí Meitheal Mhúscraí bás i mí Dheireadh Fómhair. Bhí Fionnbarra ag tiomáint an Luas ar feadh na mblianta, ag iompar paisinéirí óna mbailte go dtí na hIonaid Lae i gcóir dinnéir agus go dtí na siopaí agus oifigí an phoist chun siopadóireacht a dhéanamh agus chun an pinsean a bhailiú. Dhein Fionnbarra níos mó ná an bus a thiomáint, bhain gach éinne taitneamh as an gcomhluadar agus as an gcraic ar gach turas le Fionnbarra. Chabhraigh sé leis na paisinéirí aon uair go bhfeadadh sé.
Uair amháin, nuair a bhí paisinéir ag taisteal go hócáid mhór áitiúil agus ní raibh ar a cumas dul isteach sa b'fhoirgneamh, dhein Fionnbarra fánán lena scileanna ceirde chun bealach isteach do chathaoir rothaí a dhéanamh níos so-aimsithe. Lá eile dheisigh sé bonn rothair a bhí pollta do phaisinéir. Ghearr sé géaga agus toir i mbóithrín paisinéir eile ionas go mbeadh an Luas in ann tiomáint isteach chun an duine a thógaint go dtí an sráidbhaile ag siopadóireacht. Thug Fionnbarra spreagadh do dhaoine na seirbhísí atá ar fáil sna hIonaid Lae a úsáid agus táid ag baint tairbhe astu i gcónaí. Beidh cuimhne ceanúil ar Fhionnbarra ag gach éinne a raibh aithne acu air.
Ar dheis Dé go raibh a anam dílis.

Meitheal Mhúscraí,
Réidh na nDoirí, Maigh Chromtha, Co Chorcaí.
Tel: 026-45661. eolas@muscrai.ie www.muscrai.ie

Séanadh: Tógaimíd an-aire taighde chun an t-eolas atá clóite anseo a fhíorú. Táimíd comh cinnte agus is féidir linn a bheith go bhfuil an t-eolas iniata cruinn agus fíor nuair a fhoilsíodh é. 'Sé an sprioc atá againn ná chun eolas tairbheach ginearálta a chur ar fáil do dhaoine. Ní féidir le Meitheal Mhúscraí freagracht a ghlacadh má tharlaíonn aon dochar dá bharr.

Cois Cille, Cill na Martra 026-40999

Lón ar fáil ceithre lá ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré. Taisteal ar fáil.
Cosliacht: Tús mí na Samhna. Glaoigh ar Ann O Donovan 027 50340 nó 086 3679761.
Suathaireacht: Le coinne, Teil 087 6759121.

Cuan Barra, Béal Átha'n Ghaorthaidh

Béilí, Dé Luain & Dé hAoine ag 12.30in.
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré. Taisteal ar fáil
Cuir glaoch ar 087 1378099 nó 026 47777.
Aisling Ní Laoire, Teiripeoir Scéimhe.
Le coinne, dáta le socrú, glaoigh ar 087 6579894.
Cosliacht, 16ú lá de mí na Nollag, le coinne.
Glaoigh ar Joan O Donovan ag 086 8258023.
Dr Ken Harte gach Céadaoin 12.00 – 1.00 in.
Cártaí gach Deardaoin ag 9in.

Ionad Lae, Baile Mhúirne

Lón ar fáil gach Luan, Céadaoin & Déardaoin ag 1in**.**
Caithfear áit a chur in áirithe roimh ré, 40999 nó 45559.
Taisteal ar fáil – Cuir glaoch ar 45661 nó 45811
Suathaireacht: Do choinne glaoigh ar 087 6759121.
Cosliacht: Rita Sheehy, **26ú lá** de mí D Fómhair.
Scoraíocht: 27ú lá de mí D. Fómhair ó 8in – 10in.
Tá tuilleadh eolas le fáil ó 026 45559 nó 40999.

Freagraí ón mí seo caite

Cleas Inchinne: Tógfaidh sé uair a chloig ar Fred, Séamas agus Caoimhín 1000 bricí a leagan síos.
Dúcheist Tapaidh: Sí an Astráil an mhór-roinn is lú.

Cleas Inchinne:

Tá sé dubh nuair a cheannaíonn tú é, dearg nuair a úsáideann tú é, agus liath nuair a chaitheann tú amach é. Cad é?

Dúcheist Tapaidh

Tá dhá thurtar darbh ainm dóibh Joe agus Bill ag dul in aghaidh a chéile i rás tríocha troigh. Is féidir le Joe trí throigh a rith gach nóiméad ach bíonn sos nóiméad amháin aige tar éis gach sé throigh. Is féidir le Bill cúig throigh a rith gach nóiméad ach bíonn sos trí nóiméad aige tar éis gach deich dtroigh.
Cén turtar a bhuafaidh?

Comharthaí agus Airíonna Hipiteirme

Sé ísliú i dteocht an choirp faoi an gnáth-leibhéal is cúis le hipiteirme. Má tá aon cheann des na hairíonna seo leanas ag duine, tá baol hipiteirme ann.
Muna mbíonn duine fuar, fiú amháin nuair atá an teocht íseal - Má bhíonn duine trína chéile - Codlatacht - Gluaiseacht neamhshocair - Caint leata Aghaidh mhílítheach agus mhórtasach - Craiceann fuar in áiteanna a mbíonn clúdaithe le h-éadaigh, mar shampla, an bolg agus na hascaillí.

Scoraíocht an Déardaoin

Beidh an scoraíocht ar siúl ar an 17ú Samhain san Ionad Áise i Réidh na nDoirí.
Taisteal ar fáil – Cuir glaoch ar 026-45661.

Ceapadóirí Éireannacha

Henry George "Harry" Ferguson;
(4ú Samhain 1884 – 25ú Deireadh Fómhair 1960)
Rugadh Harry i Growell, in aice le Droim Mór i gContae an Dún. Feirmeoir ab ea a athair. Tá clú agus cáil ar de bharr an obair a dhein sé i bhforbairt an tarracóra. Dhear agus thóg sé céachta a bhí ceangailte leis an tarracóir le nascáil trí phointe, ionas go mbeadh an dá cheann mar aonad amháin. Bhí an Córas Ferguson, a bhí paitinnithe i 1926, réabhlóideach do fheirmeoireachta. Sé Harry an chéad fhear Éireannach a thóg agus a thiomáin a eitleán féin agus a dhein an chéad charr Formula One, faoi thiomáint ceithre roth a fhorbairt freisin, an Ferguson P99. Sa lá atá inniu ann leanann a ainm ar an gcomhlacht Massey Ferguson.

An Sráidbhaile is Fuaire ar Domhan

Sé Ojmjakon, Sráidbhaile Sibéarach sa Rúis an sráidbhaile is fuaire ar Domhan. Tá sé suite sa ghleann i lár an chnoic Verkhoyansk ag airde 750 m. Tá 600 daoine ina gcónaí sa tsráidbhaile seo. Bíonn an teocht faoi -65°C go minic i rith an Gheimhridh. Sé an teocht is ísle riamh a bhí ann ná -71.2°C sa bhliain 1933. Ní bhíonn sé fuar an t-am go léir mar téann an teocht thar 30°C ar feadh tréimhse gairid i rith an tsamhraidh. Ar an 25ú lá de Mheán Fómhair bhí an teocht faoi 0°C don chéad uair ón 23ú lá d'Aibreáin agus is cosúil nach n-ardóidh sé arís ar feadh sé nó seacht mí. I gceann míosa, beidh an meán-teocht is airde i rith an lae timpeall -35°C, agus beidh an meán-teocht is ísle timpeall -45°C. Dúntar na scoileanna nuair a thiteann an teocht faoi -50°C.

Leideanna do Chaitheamh Airgid i rith na Nollag ó SBCA

1. Cóiméad airgead i leataobh dos na billí a bheidh ag teacht i mí Eanáir. Tabharfaidh sé seo suaimhneas intinne duit agus beidh tú in ann níos mó suilt a bhaint as an Nollag dá bharr.
2. Chun a fháil amach cé mhéid airgid atá tú in ann a chaitheamh don Nollag déan amach buiséad d'ioncam agus eisíocaíochtaí an teaghlaigh.
3. Déan amach liosta den bhia a bheidh ag teastáil agus na daoine a beidh ag fáil bronntanais uait.
4. Chun na margaí is fearr a fháil téigh ag siopadóireacht go luath.
5. Bí réadúil ag ceannach bia agus deoch. Beidh na siopaí ar oscailt arís lá nó dhó i ndiadh na Nollag.
Is é an uimhir do líne chabhrach SBCA (Seirbhís Bhuiséadta agus Chomhairle Airgid) ná 1890 283438, ó 9rn – 8in, Luan – Satharn.